



TUARASCÁIL

BHLIANTÚIL AN

BHINSE CÚTIMH

InDÁIL LE

HEIPITÍTEAS C & HIV

2021



# Clár

*Leathanach*

1. Réamhrá	5
2. Comhaltaí an Bhinse	7
3. An Ceart Éileamh a Dhéanamh	9
4. Oibriú an Bhinse Cúitimh	11

## Aguisíní

I Dámhachtainí, Achromhairc, Íocaíochtaí as an gCiste Éirice agus Costais Dlí	15
II Cuntais 2021	21
III Socruithe Réitigh	25
IV Briseadh síos ar Chostais Dlí	29



## Réamhrá

Is breá liom an Ceathrú Tuarascáil Bhliantúil agus Fiche faoi obair an Bhinse Cúitimh i ndáil le Heipítíteas C agus HIV i rith na bliana 2021 a chur i láthair.

Cuireadh an Binse ar bun i mí na Nollag 1995 ar mhaithe le cíuteamh a thabhairt do dhaoine ar tharla Heipítíteas C orthu mar gheall ar Glóbailín Imdhíonachta Daonna Frith-D a úsáid nó mar gheall ar fhuil thruaillithe nó táirgí fola truaillithe a thógál le linn fuilaistriúcháin sa Stát. Cuireadh tosach le feidhm an Acharta um Binse Cúitimh i ndáil le Heipítíteas C 1997, ar an 1 Samhain 1997. Tháinig leathnú ar obair an Bhinse i mí Dheireadh Fómhair 2002 leis an Acht um Binse Cúitimh i ndáil le Heipítíteas C (Leasú) 2002 a thabhairt isteach faoina dtugtar de chumhacht don Bhinse cíuteamh a bhronnadh ar dhaoine áirithe ar tháinig HIV orthu sa Stát mar gheall ar tháirgí áirithe fola agus soláthar a dhéanamh maidir le nithe gaolmhara. Cuireadh athrú arís ar chumhacht an Bhinse sa bhlíain 2006 faoin Acht um Binse Cúitimh i ndáil le Heipítíteas C (Leasú) 2006.

Sa bhlíain 2020, mar gheall ar na srianta riachtanacha a cuireadh i bhfeidhm chun déileáil le paindéim COVID-19, d'íarr an Binse Cúitimh ainmniúchán ar an Aire Sláinte ionas go bhféadfaí éisteachtaí ar bhonn cianda a eagrú agus rinneadh foráil don ainmniú sin faoi Alt 31 den Acht um an Dlí Sibhialta agus an Dlí Coiriúil (Forálacha Ilghnéitheacha) 2020 agus cuireadh tosach feidhme leis le I.R. Uimh. 428/2020 - an tOrdú fán Acht um an Dlí Sibhialta agus an Dlí Coiriúil (Forálacha Ilghnéitheacha) 2020 (Ailt 29 agus 31) (An Binse Cúitimh i ndáil le Heipítíteas C agus HIV) (Ainmniú) 2020.

Tá an Binse ag éisteacht le hélimh go leanúnach ó mhí Márta 1996. Cuireadh 10 gcinn d'élimh nua faoi bhráid i rith na bliana 2021 ionas go raibh líon iomlán 4987 i gceist faoi dheireadh na bliana sin. Cé gur íoc an Binse dámhachtainí maidir le 42 cás i rith na bliana 2021, tá tuairim is 283 bunéileamh a bhfuiltear ag fanacht le héisteacht agus/nó breith ina leith os comhair an Bhinse go fóill. Tá an Binse ar bhonn gníomhach i mbun éilitheoirí a spreagadh chun éileamh a chur faoi bhráid agus bónn an Binse ábalta dáta éisteachta a shocrú gan mhoill maidir le haon éileamh a gcuirtear an cháipéisíocht taca ar fad ina leith faoi bhráid.

Is mian liom an deis seo a thapú buíochas a ghlacadh le comhaltaí an Bhinse agus leis na baill foirne in oifig an Bhinse.

Karen O'Driscoll, Abhcóide Sinsearach.  
Cathaoirleach



# Comhaltaí an Bhinse

## Seo a leanas Comhaltaí an Bhinse:

Karen O'Driscoll Uasal, Abhcóide Sinsearach (Cathaoirleach)

An tUasal Stephen Boggs, Abhcóide

Emma Cassidy Uasal, Abhcóide

Adrienne Cawley Uasal, Abhcóide

Claire Cummins Uasal, Abhcóide

An tUasal John Healy, Abhcóide

An tUasal Michael MacNamee, Abhcóide

An tUasal Joseph O'Sullivan, Abhcóide

Romaine Scally Uasal, Aturnae



# **Ceart Éileamh a Dhéanamh**

Leagtar amach in Alt 4(1) den Acht um Binse Cúitimh i ndáil le Heipítíteas C, 1997, arna leasú agus i Rialacháin I.R. Uimh. 432 de 1998 (leathnú ar ranganna Éilitheoirí os comhair an Bhinse) catagóirí na ndaoine atá i dteideal cur isteach ar chuíteamh agus leagtar amach in Alt 4 (8) an Achta arna leasú an dualgas cruthúnais atá ar an Éilitheoir. Is féidir An tAcht um Binse Cúitimh i ndáil le Heipítíteas C, 1997, Achtanna leasúcháin 2002 agus 2006 agus na hIonstraimí Reachtúla gaolmhara a bhreathnú ar láithreán gréasáin an Bhinse: [www.hepccomtrib.com](http://www.hepccomtrib.com).

Is mian leis an mBinse go mbeadh gach duine a bheadh i dteideal cur isteach ar chuíteamh ar an eolas faoin mBinse agus faoin modh iarratais.

Is féidir foirmeacha iarratais a íoslódáil ón láithreán gréasáin chomh maith le léarscáil agus freagraí ar cheisteanna coitianta.

**MOLTAR GO hÁIRITHE  
D'ÉILITHEOIR IONCHAIS  
AIRD A THABHAIRT AR NA  
TEORAINNEACHA AMA A  
LEAGTAR AMACH IN ALT  
4 (14) DEN ACHT ARNA LEASÚ.**



# Oibriú an Bhinse Cúitimh

Ón gcéad lá ar cuireadh an Binse ar bun an 16 Nollaig 1995 go dí an 31 Deireadh Fómhair, is mar Scéim cúitimh neamhreachtúil a d'oibrigh an Binse. Tháinig An tAcht um Binse Cúitimh i ndáil le Heipítíteas C, 1997, i bhfeidhm ar an 1 Samhain 1997. Tháinig An tAcht um Binse Cúitimh i ndáil le Heipítíteas C (Leasú), 2002, i bhfeidhm ar an 9 Deireadh Fómhair 2002. Tháinig Ailt 1 agus 2 den Acht um Binse Cúitimh i ndáil le Heipítíteas C (Leasú), 2006 i bhfeidhm an 20 Meitheamh 2006.

Pléann an Binse le hélimh le héisteacht ó bhéal i gcúirt iata os comhair beirt ar a laghad de chomhaltaí an Bhinse nó trí réiteach a thairiscint. (Socruthe réitigh – Aguisín 111).

In oifigí an Bhinse a eagraítear éisteachtaí agus ó mhí Aibreán 2012 i leith tá an Binse lonnaithe ag 31-35 Sráid Bowes, Baile Átha Cliath 7. Ó am go chéile, eagraíonn an Binse éisteachtaí i gCorcaigh air sin a iarraidh ag Éilitheoirí as ceantar Chúige Mumhan. Fostaítear comhlacht luathscríbhneoireachta maidir le gach éisteacht de chuid an Bhinse agus cuirtear trascríbhinn na n-imeachaí ar fáil don Éilitheoir tríd an Aturnae.

Tá, ón 13 Deireadh Fómhair 2020 i leith, an Binse ainmnithe ag an Aire Sláinte de bhun Ailt 29 agus 31 den Acht Dlí Sibhialta agus Dlí Coiriúil (Leasú) 2020 ar an gcomhlacht stáit atá i dteideal éisteachtaí cianda a eagrú. Chuir an Binse córas d'éisteachtaí den chineál sin ar bun ionas go bhféadfaí leanúint i mbun feidhme i rith Phaindéim Covid-19 agus tá an córas sin ar fáil i gcónaí ag Iarratasóirí ach a iarraidh.

Tá Éilitheoir i dteideal ionadaí dlíodóireachta ag feidhmiú thar a c(h)eann ag éisteachtaí. I gcásanna áirithe, d'fhéadfadh go socródh an Binse Abhcóide a fhostú.

## Dámhachtainí

Tharla €9,017,833 in iomláine a *loc* i rith na bliana 2021 i ndáil le 42 dámhachtain. Tharla aon íocaíocht amháin dar luach €455,000 i ndáil le hAchomharc leis an Ard-Chúirt (féach Aguisín I).

Tharla 46 dámhachtain a *bhronnadh* i rith na bliana 2021. B'ionann luach iomlán na ndámhachtainí sin agus €15,468,251. B'ionann an meánluach agus €346,158 le dámhachtainí idir €55,000 agus €3,728,018. Tugtar tuairisc achoimre mar seo a leanas:-

Dámhachtainí Sealadacha	10
-------------------------	----

Dámhachtainí Aon Chnapshuim Amháin	36
------------------------------------	----

Is iondúil íocaíocht eatramhach a dhéanamh sa chás nach bhfuil an tÉilitheoir i rocht éileamh iomlán a chur i láthair m.sh. sa chás go bhfuil cóir Leighis á cur air/uirthi mar gheall ar Heipítíteas C nó HIV agus nach bhfuil prognóis chríochnúil ar fáil go fóill. Aon íocaíocht eatramhach amháin dar luach €75,000 a rinneadh i rith na bliana 2021.

Maidir leis na dámhachtainí sealadacha go dtí seo, bhí an Binse den tuairim, bunaithe ar an bhfianaise a cuireadh faoi bhráid, go bhféadfad, cé nach cinnte dearfa ná sin é, go dtarlódh mar gheall ar Heipítíteas C nó HIV a bheith ar an Éilitheoir, go bhfuil aingeal toradh tromchúiseach nó torthaí tromchúiseacha dá bharr sin. Rinne an Binse chomh maith an tréimhse ama atá ag an Éilitheoir maidir le hiarratas ar

chúiteamh breise a leagan síos sa chás go dtarlaíonn toradh nó torthaí den sórt sin.

## Iarratais maidir le Cúiteamh Breise ag eascairt ó Dhámhachtain Shealadach

Airítear le líon iomlán na ndámhachtainí a bronnadh i rith na bliana 2021, trí éileamh ar Chúiteamh Breise a ndearnadh de thoradh ar an éisteacht ina leith dámhachtainí breise a bhronnadh dar luach comhiomlán €4,193,018.

### Costais Dlí

I rith na bliana 2021, íocadh €849,347 maidir le costais a bhain le 18 dámhachtain de chuid an Bhinse. (Tugtar briseadh síos iomlán ar na híocaíochtaí in Aguisín IV).

### An Ciste Éirice

Cuireadh Ciste Cúitimh ar bun faoi Alt 11 (4) d'Acht 1997 lena bhfuil de cheart ag an Éilitheoir a ghlacann le dámhachtain ón mBinse nó le tairiscint réitigh iarratas a dhéanamh ar shuim a íoc leis/léi as an gCiste in ionad measúnú, á dhéanamh ag an mBinse, maidir le damáistí méadaithe nó eiseamláireacha agus sin á bhronnadh ag an mBinse – bheadh an tsuim as an gciste cothrom le 20% den dámhachtain iomlán nó den tsocraíocht. Tráth ab fhaide anall, shocraigh an Rialtas go bhféadfadh ionadaithe dlí pearsanta ag Éilitheoirí a bhí imithe in éag cur isteach ar an íocaíocht as an gCiste tar éis bhás an éilitheora.

Chomh maith leis sin, is féidir le duine ar a mbronntar, ar achomharc a dhéanamh leis an Ard-Chúirt faoi Alt 5(15) nó Alt 6(3)(e) den Acht, dámhachtain damáistí ginearálta nó damáistí speisialta nó an dá rud, suim a fháil ón gCiste in ionad measúnú ar dhamáistí méadaithe nó eiseamláireacha.

I rith na bliana 2021, d'íoc an Binse €2,617,127 as an gciste i ndáil le 45 dámhachtain de chuid an Bhinse agus aon Achomharc amháin leis an Ard-Chúirt.

### Élimh a Tarraingíodh Siar/atá Neamhfheidhme

555 éileamh ar fad a bhí tarraigthe siar faoi dheireadh na bliana 2021. Tá an Binse faoi láthair i mbun gach éileamh bunúsach a thabhairt ar aghaidh chuig an éisteacht. Anuas air sin, bhí timpeall is 416 cás curtha ar athló go ginearálta faoi dheireadh na bliana 2021 le lánchead iad a chur faoi bhráid in athuair.

### Lucht Foirne

Beirt foirne (duine lánaimseartha agus duine páirtaimseartha) a chuir cúnamh taca riarracháin/cléireachais ar fáil maidir le hoibrí an Bhinse i rith na bliana 2021.

# AGUISÍNÍ





## AGUISÍN I

**Dámhachtainí, Achomhairc, Íocaíochtaí as an gCiste Éirice agus Costais Dlí go dtí seo**

### **Dámhachtainí an Bhinse**

<u>Bliain</u>	<u>Líon na nDámhachtainí</u>	<u>Iomlán Íocaíochta</u> €
1996	204	€28,627,096.00
1997	327	€56,672,735.00
1998	535	€105,660,817.00
1999	214	€43,221,011.00
2000	126	€31,943,504.00
2001	71	€23,646,314.00
2002	62	€18,541,096.00
2003	108	€27,964,437.00
2004	243	€39,384,189.00
2005	287	€42,186,950.00
2006	290	€46,543,469.00
2007	193	€57,782,743.00
2008	143	€39,349,934.00
2009	158	€32,244,590.00
2010	117	€30,496,254.00
2011	114	€17,066,854.00
2012	79	€15,091,916.00
2013	77	€16,298,493.00
2014	75	€16,370,641.00
2015	59	€15,700,074.00
2016	28	€14,892,384.00
2017	62	€13,114,428.00
2018	52	€10,754,172.00
2019	28	€8,045,988.00
2020	38	€5,828,690.00
2021	42	€9,017,833.00
<b>Iomlán</b>	<b>3732</b>	<b>€766,446,612.00</b>

## Achomhairc leis an Ard-Chúirt

<u>Bliain</u>	<u>Líon na nAchomharc</u>	<u>Iomlán Íocaíochta</u> €
2000	41	€6,053,486.00
2001	113	€24,835,283.00
2002	52	€17,762,094.00
2003	29	€7,372,875.00
2004	43	€7,954,150.00
2005	23	€2,260,174.00
2006	26	€5,249,856.00
2007	15	€3,242,913.00
2008	10	€4,670,878.00
2009	12	€1,638,493.00
2010	14	€1,670,025.00
2011	3	€195,001.00
2012	7	€1,385,476.00
2013	1	€40,000.00
2014	2	€150,000.00
2015	3	€220,000.00
2016	2	€135,000.00
2017	6	€1,506,500.00
2018	0	€0.00
2019	3	€1,070,642.00
2020	4	€1,765,480.00
2021	1	€455,000.00
<b>Iomlán</b>	<b>410</b>	<b>€89,633,326.00</b>

## Íocaíochtaí as an gCiste Éirice

<u>Bliain</u>	<u>Líon na níocaíochtaí</u>	<u>Dámhachtain nó Achromharc</u>	<u>Iomlán Íocaíochta €</u>
1997	340	Dámhachtainí	€11,971,841.00
1998	686	Dámhachtainí	€25,249,850.00
1999	220	Dámhachtainí	€8,928,869.00
2000	136	Dámhachtainí	€6,692,662.00
2000	39	Achromhairc	€1,124,269.00
2001	77	Dámhachtainí	€4,889,774.00
2001	115	Achromhairc	€5,053,485.00
2002	67	Dámhachtainí	€3,800,910.00
2002	52	Achromhairc	€3,552,419.00
2003	92	Dámhachtainí	€4,789,220.00
2003	29	Achromhairc	€1,474,575.00
2004	240	Dámhachtainí	€7,723,198.00
2004	43	Achromhairc	€1,590,830.00
2005	285	Dámhachtainí	€8,355,730.00
2005	23	Achromhairc	€452,035.00
2006	288	Dámhachtainí	€9,296,865.00
2006	25	Achromhairc	€1,028,715.00
2007	170	Dámhachtainí	€11,146,133.00
2007	15	Achromhairc	€648,583.00
2008	138	Dámhachtainí	€7,597,215.00
2008	10	Achromhairc	€934,176.00
2009	152	Dámhachtainí	€6,234,917.00
2009	12	Achromhairc	€327,699.00
2010	112	Dámhachtainí	€5,964,670.00
2010	14	Achromhairc	€321,405.00
2011	112	Dámhachtainí	€3,388,004.00
2011	3	Achromhairc	€39,000.00
2012	76	Dámhachtainí	€3,127,929.00
2012	6	Achromhairc	€263,295.00
2013	70	Dámhachtainí	€2,985,965.00
2014	75	Dámhachtainí	€2,965,048.00
2014	2	Achromhairc	€30,000.00
2015	54	Dámhachtainí	€2,988,111.00
2015	3	Achromhairc	€44,000.00
2016	25	Dámhachtainí	€3,040,174.00
2016	2	Achromhairc	€27,000.00

<u>Bliain</u>	<u>Líon na níocaíochtaí</u>	<u>Dámhachtain nó Achromharc</u>	<u>Iomlán íocaíochta €</u>
2017	58	Dámhachtainí	€2,711,089.00
2017	6	Achromhairc	€289,000.00
2018	45	Dámhachtainí	€2,068,654.00
2018	0	Achromhairc	€0.00
2019	25	Dámhachtainí	€1,540,214.00
2019	2	Achromhairc	€164,128.00
2020	35	Dámhachtainí	€1,128,738.00
2020	4	Achromhairc	€453,096.00
2021	43	Dámhachtainí	€2,449,647.00
2021	1	Achromharc	€91,000.00
<b>Iomlán</b>	<b>4027</b>		<b>€168,944,137.00</b>

## Costais Dlí

<u>Bliain</u>	<u>Líon na nÉileamh</u>	<u>Iomlán Íocaíochta</u> €
1996	93	€1,737,849.00
1997	275	€7,518,688.00
1998	512	€16,345,926.00
1999	315	€9,984,938.00
2000	180	€8,297,691.00
2001	183	€8,605,772.00
2002	77	€4,490,412.00
2003	131	€6,859,157.00
2004	197	€7,094,735.00
2005	307	€13,180,987.00
2006	344	€11,371,437.00
2007	187	€7,825,866.00
2008	129	€8,986,744.00
2009	155	€13,027,173.00
2010	148	€10,229,280.00
2011	149	€10,608,721.00
2012	96	€7,948,739.00
2013	65	€4,571,765.00
2014	78	€6,689,814.00
2015	40	€2,101,000.00
2016	30	€2,388,221.00
2017	48	€3,750,966.00
2018	48	€4,859,695.00
2019	45	€5,418,090.00
2020	37	€2,702,948.00
2021	18	€849,347.00
<b>Iomlán</b>	<b>3887</b>	<b>€187,445,961.00</b>



## **AGUISÍN II**

### **AN BINSE CÚTIMH I nDÁIL LE HEIPITÍTEAS C AGUS HIV**

#### **CUNTAS AR FHÁLTAIS AGUS ÍOCAÍOCHTAÍ I LEITH NA BLIANA DÁR CHRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2021**

#### **POLASAITHE CUNTASAÍOCHTA**

##### **Bunús na gCuntas**

Tuairisc bunaithe ar airgead tirim atá sna cuntais ar Fháltais agus ar Íocaíochtaí i rith na tréimhse faoi chaibidil.

##### **An Tréimhse Thuairiscithe**

Is í an bhliain dár chríoch an 31 Nollaig 2021 an tréimhse thuairisce.

##### **Fáltais**

Is é a luaitear maidir le fáltais i rith na tréimhse an t-airgead a éilíodh agus a fuarthas as an gCuntas Speisialta agus as an gCiste Éirice a bunaíodh faoi Ailt 10 agus 11 den Acht um Binse Cútimh i ndáil le Heipítíteas C, 1997, arna leasú faoi Ailt 7 agus 8 den Acht um Binse Cútimh i ndáil le Heipítíteas C (Leasú) 2002.

##### **Íocaíochtaí**

Is é a luaitear maidir le híocaíochtaí na suimeanna sin a ndearnadh a n-urscaoileadh i rith na tréimhse faoi chaibidil.

##### **Cuntas Fionraíochta sa Roinn Sláinte**

Déanann an Roinn Sláinte íocaíochtaí ar son an Bhinse Cútimh i nDáil le Heipítíteas C agus faoi threoir ón mBinse Cútimh i nDáil le Heipítíteas C agus HIV nó, maidir le costais dlí amháin, faoi threoir ó Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit. As cuntas fionraíochta a dhéantar na híocaíochtaí sin ar chuid atá ann de Chuntas Leithreasa na Roinne Sláinte agus tagann sé faoi réir iniúchadh an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

## AN BINSE CÚITIMH I nDÁIL LE HEIPITÍTEAS C AGUS HIV

<u>Cuntas ar Fháltais agus ar Íocaíochtaí i leith na bliana dár chríoch an 31 Nollaig 2021</u>	Lón	2021 €	Lón	2020 €
<b>Íocaíochtaí</b>				
<b>Dámhachtainí an Bhinse</b>				
Dámhachtainí Nua san áireamh	42	9,017,833	38	5,828,690
Achomhairc leis an Ard-Chúirt	1	455,000	4	1,765,480
Dámhachtainí arna n-atheisiúint *	Nóta *	382,400	0	0
Iomlán na nDámhachtainí	43	9,855,233	42	7,594,170
* Rinneadh cúig (5) cinn de dhámhachtainí a atheisiúint i rith na bliana 2021				
<b>Íocaíochtaí as an gCiste Éirice</b>				
Dámhachtainí Nua san áireamh	43	2,449,647	35	1,128,738
Achomhairc leis an Ard-Chúirt	1	91,000	4	453,096
Dámhachtainí arna n-atheisiúint	Nóta *	76,480	0	0
Iomlán na nÍocaíochtaí as an gCiste Éirice	44	2,617,127	39	1,581,834
* Rinneadh cúig (5) cinn de dhámhachtainí faoin gCiste Éirice a atheisiúint i rith na bliana 2021				
<b>Costais Dlí maidir le Dámhachtainí an Bhinse</b>				
Dámhachtainí Nua san áireamh	17	384,404	37	2,702,948
Achomhairc leis an Ard-Chúirt	1	464,943	0	0.00
Iomlán na gCostas Dlí	18	849,347	37	2,702,948
<b>Costais Riaracháin</b>				
Pá		429,287	Nóta 1	389,649
Neamhphá		72,979	Nóta 2	86,974
<b>Iomlán na nÍocaíochtaí</b>		<b>13,823,973</b>		<b>12,355,573</b>
<b>Fáltas</b>				
Fuarthas ón gCuntas Speisialta arna bhunú faoi Alt 10 den Acht um Binse Cúitimh i ndáil le Heipítéas C, 1997.		9,245,000		0.00
Fuarthas ón gCuntas Éirice arna bhunú faoi Alt 10 den Acht um Binse Cúitimh i ndáil le Heipítéas C, 1997.		1,229,000		0.00
<b>Iomlán na bhFáltas</b>		<b>10,474,000</b>		<b>0</b>
<b>Barrachas / (Easnamh) na bliana</b>		(3,349,973)		(12,355,573)
<b>Barrachas / (Easnamh) ar aghaidh ón mbliaín roimh ré</b>		(13,561,206)		(1,205,633)
<b>Barrachas / (Easnamh) ar aghaidh go dtí an bhliain dár gcionn</b>		(16,911,179)		(13,561,206)
<b>Arna mhaoiniú as</b>				
Cuntas Fionraíochta faoin Roinn Sláinte				
Is ionann an tsuim seo agus an méid atá le baint as na cuntas ábhartha arna mbunú faoi Ailt 10 agus 11 den Acht um Binse Cúitimh i ndáil le Heipítéas C, 1997 arna leasú faoi Ailt 7 agus 8 den Acht um Binse Cúitimh i ndáil le Heipítéas C (Leasú), 2002.				

## AN BINSE CÚITIMH I nDÁIL LE HEIPITÍTEAS C AGUS HIV

<u>Cuntas na bliana dár chríoch an 31 Nollaig 2021</u>		<b>2021</b> €	<b>2020</b> €
<b>Nótaí leis na Cuntas</b>			
<b>Pá</b>			
<b>Nóta 1</b>	Táillí le Comhaltaí agus Cathaoirleach an Bhinse	274,809	190,719
	Riarachán	154,477	198,930
	<b>Iomlán Pá</b>	<b>429,286</b>	<b>389,649</b>
<b>Neamhphá</b>			
<b>Nóta 2</b>	Diúscairt bruscair atá slán ó thaobh rúndachta	645	535
	Glantachán ar Conradh	3,493	4,153
	Seirbhísí Teachtaire	4,520	1,731
	Táillí Fhinnéithe Saineolais	0	1,035
	Teas, Cumhacht & Solas	5,673	4,189
	TEC	4,988	28,594
	Seirbhísí Dlí	0	0
	Cothabháil agus Feisteas	60	9,462
	Ilghnéitheach	402	898
	Soláthairtí Oifige	1,989	2,837
	Costas Teileafóin	2,663	2,478
	Postas	1,186	949
	Priontáil	0	1,597
	Seomraí ar cíos	708	0
	Seirbhísí Luathscríbhneoireachta	45,887	24,325
	Taistéal & Cothabháil	765	4,144
	Soláthairtí do mheaisín díolacháin agus soláthar uisce	0	47
	<b>Iomlán Neamhphá</b>	<b>72,979</b>	<b>86,974</b>

\* Tá san áireamh leis an tsuim seo íocaíocht riaráistí aon uaire le hiarbhall foirne de chuid an Bhinse.



## AGUISÍN III

### Socrúithe Réitigh arna ndéanamh ag an Aire Sláinte agus Leanaí faoi Alt 8 den Acht um Binse Cúitimh i ndáil le Heipítíteas C 1997

#### Réamhrá

Déantar soláthar leis na socrúithe réitigh do réiteach ar éileamh i ndáil le damáistí ginearálta nó damáistí speisialta amháin. Beidh na socrúithe á gcur i bhfeidhm chomh neamhfhoirmeálta agus is féidir agus ar bhealach lena gcinntítear go ndéantar tairiscintí maidir le réiteach a luaithe agus is féidir.

#### Cáipéisíocht Taca

Sa chás go gcuireann éilitheoir in iúl do Rúnaí an Bhinse gur mian leis/léi teacht ar réiteach, beidh ar an Éilitheoir sin comhad ionlán cáipéisíochta, an t-ábhar ar a mbunaítear an t-éileamh, a chur ar fáil don Rúnaí, an cháipéisíocht ionlán san áireamh is bonn le héileamh ar dhamáistí ginearálta nó damáistí speisialta. Is féidir le héilitheoir roghnú glacadh le haon chnapshuim amháin nó dámhachtain shealadach a roghnú.

#### Bun Cúise

Cuirfear an t-éileamh agus an cháipéisíocht taca ar fad faoi bhráid chomhalta de chuid an Bhinse. Beidh dlite ar an éilitheoir a chruthú chun sástacht chomhalta sin an Bhinse go sásáíonn sé nó sí na critéir a leagtar sios in Alt 4 den Acht.

Sa chás nach mbíonn comhalta an Bhinse sásta go bhfuil na critéir a leagtar sios in Alt 4 den Acht á sásamh ag an éilitheoir, cuirtear an t-éileamh faoi bhráid an Bhinse chun cinneadh a dhéanamh maidir le bun cúise agus, más mar sin is mian leis an éilitheoir, maidir le dámhachtain ón mBinse, más amhlaidh gur cuí sin. Más é is mian leis an éilitheoir de rogha air sin, is féidir éileamh a chur ar ais lena réiteach tar éis don Bhinse cinneadh a dhéanamh maidir le bun cúise.

Sa chás gurb é cinneadh an Bhinse nach bhfuil an t-éilitheoir i dteideal cúiteamh a fháil faoin Acht, is féidir leis an éilitheoir achomharc a dhéanamh leis an Ard-Chúírt.

#### Tairiscint maidir le Socrú Réitigh

Beidh tairiscintí réitigh, ó thaobh leibhéal na dámhachtana, bunaithe ar na critéir chéanna leis an gcuid a chuireann an Binse i bhfeidhm faoi alt 5 den Acht. Cuirfidh Rúnaí an Bhinse mionsonraí na tairisceana in iúl i scríbhinn don éilitheoir nó d'ionadaí dlí an éilitheora.

#### Glacadh le Tairiscint

Iarrfar ar an éilitheoir glacadh nó diúltú i scríbhinn don tairiscint laistigh de 28 lá de dháta na tairisceana.

Sa chás go nglacann an t-éilitheoir le tairiscint, beidh air nó uirthi síniú a chur le gach tarscaoileadh riachtanach i ndáil le haon cheart caingin a bheadh ag an éilitheoir murach sin.

Tabharfaidh Rúnaí an Bhinse san áireamh gur glacadh leis an tairiscint agus socróidh an Rúnaí go ndéanann an Binse dámhachtain ach aontú le suim an tsocraithe réitigh.

Sa chás gur mionaoiseach an t-éilitheoir, tiocfaidh glacadh leis an tairiscint faoi réir thoiliú na hArd-Chúirte leis sin.

## Diúltú do thairiscint

Sa chás nach gcuireann an t-éilitheoir in iúl don Rúnaí laistigh de 28 lá de dháta na tairisceana go bhfuil glacadh leis, tuigfear uaidh sin go bhfuil diúltaithe ag an éilitheoir don tairiscint agus go bhfuil éisteacht os comhair an Bhinse á lorg.

Sa chás go ndiúltaíonn an t-éilitheoir do thairiscint, nó go mbreithnítar gur dhiúltaigh an t-éilitheoir do thairiscint, cuirfidh an Rúnaí an t-éileamh faoi bhráid an Bhinse maidir le héisteacht ina leith mura dtugann an t-éilitheoir malairt treorach don Rúnaí.

Sa chás go ndiúltaíonn an t-éilitheoir do thairiscint, nó go mbreithnítar gur dhiúltaigh an t-éilitheoir do thairiscint, measfar go bhfuil gach socrú maidir le réiteach faoi Alt 8 ídithe ag an éilitheoir sin.

## An Ciste Éirice

Is féidir le héilitheoir, an tráth a nglactar le socrú réitigh, iarratas a chur chuig an Rúnaí maidir le suim is cothrom le 20% den tairiscint réitigh a íoc as an gCiste Éirice atá ar bun faoi alt 11 den Acht. Is féidir leis an éilitheoir, de rogha air sin, a iarraidh go ndéanfadh an Binse cinneadh maidir le damáistí méadaithe nó damáistí eiseamláireacha faoi alt 5.

## Éileamh Ionadaíochta

Is féidir le Rúnaí an Bhinse glacadh le héileamh ionadaíochta ó aicme nó dream éilitheoirí sa chás gur cosúil go ginearálta na cúinsí is siocair lena gcuid éileamh. Beidh socruithe ar aon dul lena leagtar amach thusa i bhfeidhm i ndáil le cás dá leithéid. Ní dhéantar aon dochar do chearta aon éilitheora ar leithligh maidir le glacadh le réiteach nó diúltú do réiteach ná do chearta éilitheora maidir le haon fhoráil eile de chuid an Acharta.

## Costais

Sa chás go mbronnann Binse dámhachtain bunaithe ar thairiscint réitigh, déanfar costais a bhronnadh ar an mbonn céanna agus de réir an ghnáis chéanna agus dá ndéantaí an t-éileamh a éisteacht faoin Acht. Ar an gcuma chéanna, tabharfaidh an Binse san áireamh costais a tharla mar gheall ar réiteach a roghnú sa chás gur dhiúltaigh éilitheoir do thairiscint réitigh.

## Rúndacht

Sa chás go ndiúltaíonn an t-éilitheoir don tairiscint agus go gcuirtear an cás faoi bhráid an Bhinse maidir le héisteacht iomlán, ní bheidh comhalta den Bhinse a bhí ag plé leis na socruithe réitigh ar an gcuid den Bhinse a éisteann an t-éileamh. Ní chuirfear in iúl don Bhinse gur chuir an t-éilitheoir isteach ar shocrú réitigh ná gur diúltaíodh do thairiscint réitigh.

Tugtar ráthaíocht faoi rúndacht an cháis faoi Alt 8(2) den Acht lena bhforáiltear mar seo a leanas:

*“Féadfaidh aon duine a bhaineann leis an réiteach féachaint ar dhoiciméid nó páipéir a sheoltar chuig an mBinse maidir le réiteach atá faoi chaibidil faoin alt seo agus ní chuirfidh a leithéid de dhuine ar bith eile ar an eolas faoina bhfuil sna doiciméid nó páipéir seachas duine atá bainteach leis an réiteach.”*

Ciallaíonn sin nach bhfuil cead ag comhalta den Bhinse atá ag plé le socrú réitigh eolas ar bith faoin gcás (lena n-áiríttear mionsonraí faoi aon tairiscint a rinneadh leis an éilitheoir) a thabhairt do dhuine nach bhfuil páirteach sa réiteach, ná an cás a phlé le comhaltaí eile an Bhinse.



# AGUISÍN IV

## COSTAIS DLÍ ARNA N-ÍOC IN 2021

DÁTA	UIMH. THAG AN BHINSE	SUIM	ÍOCAÍ
		€	
24/02/2021	4820/16	21,421.12	D.M. O'Connor & a Chomh.
24/02/2021	2077/00	452,642.82	Malcomson, Comh. Dlíodóirí
21/04/2021	4865 & 4864/17	19,065.00	Fiona Ryan, Aturnaetha
21/04/2021	1917/99	12,773.00	Fiona Ryan, Aturnaetha
21/04/2021	4947/18; 4948/18; 4949/18	25,461.00	Fiona Ryan, Aturnaetha
28/04/2021	2210/02	44,796.00	Fiona Ryan, Aturnaetha
28/04/2021	4915/18	21,622.20	Fiona Ryan, Aturnaetha
16/06/2021	3982/06	31,839.44	Malcomson, Comh. Dlíodóirí
16/06/2021	4514/12	23,480.08	Malcomson, Comh. Dlíodóirí
16/06/2021	2077/00	12,300.00	Malcomson, Comh. Dlíodóirí
16/06/2021	4918/18	44,224.00	Fiona Ryan, Aturnaetha
23/06/2021	4937/18	26,083.50	D.M. O'Connor & Comh.
23/06/2021	1561/96	33,464.50	Mannion Aird & Comh, Aturnaetha
14/07/2021	4914/18	37,687.25	MB, Comhlacht Aturnaetha
04/08/2021	0094/96	19,430.50	Hoey & Denning
03/11/2021	4512/12	23,056.12	Malcomson, Comh. Dlíodóirí
<b>Iomlán</b>		<b>849,346.53</b>	